

# Sábháilteacht vacsaíní

## Na príomhcheisteanna freagartha



### Cad atá i vacsaín?

Tá antaigin i gcuid mhaith vacsaíní, ar foirm nó comhpháirt lagaithe nó dhíghníomhaithe de víreas nó de bhaictéar atá inti. Nuair a dhéantar duine a vacsaíniú, aithníonn a c(h) óras imdhíonachta an antaigin mar earra coimhthíoch, agus cruthaíonn sé cealla ar a dtugtar antasubstaintí a dhéanann an víreas nó an baictéar a chomhrac.

### Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil vacsaíní sábháilte?

Cinntítear sábháilteacht vacsaíní trí dhianphróiseas tástála, meastóireachta agus rialála. Ní mór do gach vacsaín dul trí roinnt céimeanna sula bhformheasfar iad lena n-úsáid san Aontas:


- › **Diantástáil** arna déanamh ag a forbróir. Tar éis na tástála, cuireann forbróir na vacsaíne na torthaí faoi bhráid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA).
- › **Meastóireacht eolaíoch** arna déanamh ag údarais rialála. Ní fhormheastar vacsaíní ach amháin má léirítear i meastóireachtaí gur mó na tairbhí a bhaineann leis an vacsaín ná na rioscaí a bhaineann léi.
- › **Rialáil i dtíortha aonair**. Ceanglaítear ar chuideachtaí diantástáil a dhéanamh ar gach baisc vacsaíne a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais. Is iad na húdarais náisiúnta a chinneann na critéir inghlacthachta a bhaineann leo.

### An bhfuil comhábhair eile i vacsaín?

Le cois antaigine amháin nó roinnt antaiginí, is féidir comhpháirteanna eile a chur leis an vacsaín freisin chun í a choinneáil cobhsaí agus éifeachtach.

Áirítear leo siúd:

- › **Cobhsaitheoirí**: comhpháirteanna lena gcoinnítear an vacsaín cobhsaí.
- › **Aidiúvaigh**: substaintí a neartaíonn an fhreagairt imdhíonachta, rud a fhágann go bhfuil an chosaint níos láidre, níos tapúla agus níos fadtéarmaí.
- › **Támháin**: comhábhair neamhghníomhacha, amhail uisce, salainn, cobhsaitheoirí agus leasaithe a fheabhsaíonn cáilíocht na vacsaíne agus a fhágann go bhfuil sé níos éasca an dáileog cheart a instealladh.
- › **(Rian) substaintí eile**: comhdhúile a úsáidtear sa phróiseas monaraíochta. D'fhéadfadh siad sin a bheith i láthair i roinnt vacsaíní, i méideanna an-bheaga. Nuair a d'fhéadfadh comhdhúile den sórt sin a bheith ina gcúis le frithghníomhú i ndaoine íogaire nó ailléirgeacha (amhail ubh-albaimin, próitéin a fhaightear in uibheacha), dearbhaítear go bhfuil siad i láthair san fhaisnéis vacsaíne a thugtar d'oibrithe cúraim sláinte agus do dhaoine a fhaigheann vacsaín, ionas go mbeidh a fhios acu gur cheart dóibh freagairtí féideartha a lorg go cúramach.



### Cad iad na cineálacha éagsúla vacsaíne?

Orgánaigh iomlána:

- › **Vacsaíní díghníomhaithe** vacsaíní ina bhfuil víris atá díghníomhaithe (maraithe) i saotharlann trí theas nó trí cheimiceáin a úsáid.
- › **Vacsaíní caolaithe beo** vacsaíní ina bhfuil víris nó baictéir bheo atá lagaithe trína ADN a athrú nó trí na víris nó na baictéir is laige a roghnú lena gcur san áireamh sa vacsaín.

**Codanna d'orgánaigh**, is féidir iad a thabhairt go díreach (athchuingreach) nó a dhéanamh sa chorp trí vacsaíniú a dhéanamh le mRNA nó veicteoirí víreasacha ina bhfuil teoracha.

**Tocsóideach**, nach gcosnaíonn i gcoinne an orgánaigh ach i gcoinne na dtocsainí a tháirgeann siad.

### Conas a dhéantar vacsaíní a thástáil i ndaoine?

I ndiaidh staidéar saotharlainne a dhéanamh, is féidir na vacsaíní a thástáil ar dhaoine i dtrialacha cliniúla.

Tosaíonn siad sin le grúpa beag saorálaithe chun a sheiceáil gur féidir an vacsaín a úsáid go sábháilte. Ansin, i gcéimeanna i ndiaidh a chéile, leathnaítear na trialacha agus cuirtear grúpaí níos mó saorálaithe san áireamh chun a áirithiú go ndéantar an vacsaín a bharrfheabhsú i dtéarmaí sábháilteachta agus éifeachtachta.

Déanann na húdarais maoirseacht ar na trialacha go léir chun a sheiceáil go bhfuil gach rud á dhéanamh i gceart.



TAIRSEACH FAISNÉISE  
EORPACH MAIDIR  
LE VACSAÍNIÚ  
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh



Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú

[vaccination-info.europa.eu/en](https://vaccination-info.europa.eu/en)